Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Márta 2024
(OR. en, bg)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0011(NLE)**

7671/24
ADD 2 REV 1

SOC 204
EMPL 113
ANTIDISCRIM 41
GENDER 40
SAN 154
FREMP 143
ILO 9

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh<br>- Ráiteas ón mBulgáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ón mBulgáir maidir leis an togra thuasluaite.

IARSCRÍBHINN

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE**

**maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú**

'Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil an-tábhacht ag baint le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, lena n-áirítear comhrac an fhoréigin agus an chiaptha ag an obair, agus beidh feasta.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann leis an gcoincheap 'inscne' nach bhfuil ag luí le bunphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Thairis sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an coincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht a thuiscint, ina chiall bhitheolaíoch amháin (fir agus mná).

Le hAirteagal 1(1)(b) de Choinbhinsiún Uimh. 190 de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) cuirtear cosaint ar fáil ar bhonn gnéis agus inscne araon ag an am céanna, lena gcaitear amhras, i bhfianaise na mbreithiúnas thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, ar a gcomhréireacht le Bunreacht na Bulgáire agus, dá bhrí sin, ar an bhféidearthacht go ndaingneodh an tír é. Dá bhrí sin, **ní thacaíonn** Poblacht na Bulgáire **leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú**, lena ngabhann neamhchinnteacht dhlíthiúil cé acu a chruthaíonn nó nach gcruthaíonn sé oibleagáid maidir le daingniú.

Ina theannta sin, cuireann Poblacht na Bulgáire in iúl an imní atá uirthi go bhféadfadh tionchar a bheith ag glacadh an chinnidh sin ar inniúlacht na mBallstát cinneadh neamhspleách a dhéanamh an mbeidh nó nach mbeidh sé faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún seo i gcomhréir le Bunreacht EIS, rud a d'fhéadfadh seasaimh na mBallstát sa chaibidlíocht a chur i mbaol i dtaca le coinbhinsiúin agus moltaí EIS amach anseo a ghlacadh lena gcumhdaítear ábhair inniúlachta atá roinnte idir na Ballstáit agus an tAontas.'